North South Ministerial Council
Joint Secretariat

An Chomhairle Aireachta
Thuaidh Theas
An Chomhrúnaíocht

# AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH THEAS

# AN TRÍÚ CRUINNIÚ IOMLÁNACH IS FICHE

# OIFIGÍ CHOMHRÚNAÍOCHT CATT, ARD MHACHA

# 18 SAMHAIN 2016

# COMHRÁITEAS

1. Tionóladh an tríú Cruinniú Iomlánach is Fiche den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) in Oifigí Chomhrúnaíocht CATT, Ard Mhacha ar 18 Samhain 2016.

2. Bhí toscaireacht Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann faoi cheannasaíocht an Chéad-Aire, an Ró-Onórach Arlene Foster CTR, agus an LeasChéad-Aire, Martin McGuinness CTR. Bhí toscaireacht Rialtas na hÉireann faoi cheannasaíocht an Taoisigh, Enda Kenny TD. Tá liosta iomlán de bhaill an dá thoscaireacht faoi iamh mar Iarscríbhinn.

**NA RÁITIS TOSAIGH**

3. Chuir an Chomhairle fáilte roimh an deis níos mó plé a dhéanamh ar impleachtaí Reifreann na Ríochta Aontaithe.

4. Nótáil an Chomhairle gur seoladh an tairiscint le Corn Domhanda Rugbaí 2023 a óstáil go foirmiúil níos luaithe an tseachtain seo. D'athdhearbhaigh Feidhmeannas Thuaisceart Éireann agus Rialtas na hÉireann a gcoimitmint le

comhobair a dhéanamh go dlúth le chéile moladh den chéad scoth a dhéanamh leis an chomórtas a óstáil.

## CÚRSAÍ AIRGEADAIS AGUS EACNAMAÍOCHTA

5. Phléigh an Chomhairle feidhmíocht na ngeilleagar sa dá dhlínse. Bíonn Feidhmeannas Thuaisceart Éireann agus Rialtas na hÉireann tiomanta go fóill a ngeilleagair áitiúla a fhás agus labhair na hAirí faoi na tionscnaimh éagsúla atá ar siúl sa dá dhlínse le tacú le fás eacnamaíochta.

## IMPLEACHTAÍ REIFREANN NA RÍOCHTA AONTAITHE

6. Phléigh an Chomhairle ansin impleachtaí thoradh reifreann na Ríochta Aontaithe ar bhallraíocht den Aontas Eorpach. Nótáladh go ndearna ranna Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann agus Rialtas na hÉireann iniúchtaí earnála iomlána le himpleachtaí, rioscaí, deiseanna agus teagmhais fhéideartha a d'fhéadfadh tarlú i ndiaidh rún na Ríochta Aontaithe le himeacht ón Aontas Eorpach, a aithint.

7. Leanfaidh na hAirí ar aghaidh lena gcaibidlí ar leibhéal earnála CATT sna míonna atá le teacht agus leanfar ar aghaidh leis na caibidlí déthaobhacha, de réir mar is gá, idir na hAirí agus na hoifigigh ábhartha.

8. Moladh don Chomhairle fosta go leanfadh Feidhmeannas Thuaisceart Éireann ar aghaidh lena chaibidlí déthaobhacha le Rialtas na Ríochta Aontaithe agus, mar aon leis na rialtais chineachta eile sa Ríocht Aontaithe, leanfar leis na caibidlí inmheánacha le Rialtas na Ríochta Aontaithe laistigh den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas.

9. Leanfaidh Rialtas na hÉireann lena chaibidlí déthaobhacha rialta le Rialtas na Ríochta Aontaithe, le hInstitiúidí an Aontais Eorpaigh agus lena Chomhbhallstáit san Aontas Eorpach.

10. Nótáil na hAirí fosta go leanfadh oifigigh shinsearacha ó Oifig an Fheidhmeannais (OAF), ó Roinn an Taoisigh, agus ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ar aghaidh le bualadh le chéile go rialta ar bhonn dhéthaobhach Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann go Rialtas na hÉireann chun athbhreithniú a dhéanamh ar fhorbairtí, agus iad ag feidhmiú mar ghrúpa oibre ardleibhéil ar cheisteanna Brimeachta.

11. Moladh don Chomhairle go mbeidh comhphrionsabail á dtreorú agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann mar aon le Rialtas na hÉireann i mbun caibidlí lena chéile amach anseo.

## COIMITMINTÍ ALT E CHOMHAONTÚ AN TÚIS ÚIR

12. Tugadh an t-eolas is déanaí don Chomhairle ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gcoimitmintí éagsúla faoi Alt E de Chomhaontú an Túis Úir.

13. Nótáil na hAirí go raibh Fiosrúchán Poiblí faoin scéim A5 ar siúl agus go rabhthas ag súil le tuarascáil an Chigire timpeall mhí na Bealtaine 2017. Faoi réir chríoch rathúil na nósanna imeachta reachtúla, is féidir cinneadh a dhéanamh maidir leis an dul chun cinn go dtí an chéim tógála, a bheidh á pleanáil go fóill do go mall in 2017.

14. Chuir an Chomhairle fáilte roimh an chruinniú a réachtáladh i mí Dheireadh Fómhair idir oifigigh agus príomhpháirtithe leasmhara faoi na roghanna féideartha do Thionscadal Dhroichead Chaol Uisce agus nótáladh go reáchtálfaí níos mó caibidlí i mí Eanáir 2017.

15. Nótáladh go raibh Céim 1 d'athoscailt Chanáil Uladh ó Loch Éirne go Caisleán Shandarsan ag dul chun cinn go maith agus go mbeifí ag súil go n-eiseofaí an tairiscint don chéim dheireanach de Chéim 1 ar ball beag agus go gcuirfí tús leis an suíomh pleanáilte san Earrach in 2017. Chuir na hAirí fáilte roimh bhunú Fhóram Comhairleach Chanáil Uladh ar a bhfuil príomhpháirtithe leasmhara agus reáchtáladh a chéad chruinniú i mí Mheán Fómhair.

16. Moladh don Chomhairle gur chomhaontaigh Comhairle Ceantair Chathair Dhoire agus an tSratha Báin agus Comhairle Contae Dhún na nGall Comhaontú Páirtíochta foirmiúil a thugann achoimre ar na socruithe rialachais, bainistíochta airgeadais agus riaracháin do Chiste Forbartha an Iarthuaiscirt €5m.

17. D'aontaigh na hAirí go dtabharfaí an t-eolas is déanaí ar Choimitmintí Alt E an Túis Úir ag an chéad chruinniú Iomlánach CATT eile.

**TIONSCNAMH THAIRSEACH AN IARTHUAISCIRT**

18. Chuir an Chomhairle fáilte roimh an chomhoibriú idir Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Ceantair Chathair Dhoire agus an tSratha Báin na socruithe achoimrithe ina *bPlean Fáis Straitéisigh an Iarthuaiscirt* a chur i bhfeidhm go hiomlán.

19. Nótáil an Chomhairle gur leithdháil Rialtas na hÉireann €2.5m ar Chiste Forbartha an Iarthuaiscirt agus go raibh Feidhmeannas Thuaisceart Éireann ag cur a leithdháilte mheaitseála i gcrích.

20. Moladh don Chomhairle gur chomhaontaigh an dá Chomhairle na socruithe rialachais, bainistíochta airgeadais, agus riaracháin foirmiúla, do mhaoirseacht agus do chur i bhfeidhm *Phlean Fáis Straitéisigh an Iarthuaiscirt* agus Chiste Forbartha an Iarthuaiscirt atá bainteach leis.

21. Chuir na hAirí fáilte roimh bhunú *Pháirtíocht Fáis Straitéisigh an Iarthuaiscirt* agus i gcomhréir leis an chinneadh Iomlánach i mí Iúil, go mbuailfeadh oifigigh shinsearacha ó na ranna ábhartha sa dá dhlínse le Comhairle Contae Dhún na nGall agus le Comhairle Ceantair Chathair Dhoire agus an tSratha Báin mar chuid de Pháirtíocht Fáis Straitéisigh an Iarthuaiscirt i mí na Nollag.

22. Moladh don Chomhairle go raibh oifigigh i mbun oibre le dáta cuí do chruinniú idir na hAirí ábhartha a shocrú san Iarthuaisceart.

**SCEIDEAL NA gCRUINNITHE**

23. D'fhaomh an Chomhairle sceideal de chruinnithe CATT a mhol an Chomhrúnaíocht, ar a n-áirítear an chéad chruinniú Iomlánach CATT eile go luath in 2017.

**An Chomhrúnaíocht**
**18 Samhain 2016**

**IARSCRÍBHINN A**

**CRUINNIÚ DEN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH THEAS**
**ARD MHACHA – 18 SAMHAIN 2016**

| **Feidhmeannas Thuaisceart Éireann** | **Rialtas na hÉireann** |
|---|---|
| An Ró-Onórach Arlene Foster CTR<br>Céad-Aire | Enda Kenny TD<br>Taoiseach agus Aire Cosanta |
| Martin McGuinness CTR<br>LeasChéad-Aire | Frances Fitzgerald TD<br>Tánaiste agus Aire Dlí, Cirt agus Comhionannais |
| Paul Givan CTR<br>Aire Pobal | Richard Bruton TD<br>Aire Oideachais agus Scileanna |
| Simon Hamilton CTR<br>Aire Geilleagair | Simon Coveney<br>Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil |
| Chris Hazzard CTR<br>Aire Bonneagair | Leo Varadkar TD<br>Aire Coimirce Sóisialaí |
| Michelle McIlveen CTR<br>Aire Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe | Charles Flanagan TD<br>Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála |
| Mairtín Ó Muilleoir CTR<br>Aire Airgeadais | Paschal Donohoe TD<br>Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| Michelle O'Neill CTR<br>Aire Sláinte | Heather Humphreys TD<br>Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta |
| Claire Sugden CTR<br>Aire Dlí agus Cirt | Simon Harris TD<br>Aire Sláinte |
| Peter Weir CTR<br>Aire Oideachais | Michael Creed TD<br>Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara |
| Megan Fearon CTR<br>Aire Sóisearach, Oifig an Fheidhmeannais | Denis Naughten TD<br>Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus an Chomhshaoil |
| Alastair Ross CTR<br>Aire Sóisearach, Oifig an Fheidhmeannais | Shane Ross TD<br>Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt |
| | Katherine Zappone TD<br>Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige |
| | Paul Kehoe TD<br>Aire Stáit le freagracht speisialta as Cosaint |
| | |